Dhá scéal nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhá scéal dhifriúla. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cén fáth a bhfuil na feirmeoirí i mbun gníomhaíochta in Éirinn faoi láthair?
2. Cad a dhéanann GFT Éireann nó *IDA Ireland*?

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

1. against the factories _____
2. a rise in beef prices _____
3. the association decided _____
4. in the meantime _____
5. software company _____
6. information management software _____
7. support _____
8. technical analyst _____
9. managerial team _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh. Mura bhfuil sibh cinnte go fóill, féach ar an mír den dara huair.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus scríobh achoimre ghearr ar an dá scéal. Féach cad a bhí ag an duine in aice leat ansin.

Scéal 1

Scéal 2

Ceist 4 '…***go ceann cúpla lá***...' agus '…***go ceann dhá bhliain***...'

Cuir an dá shampla thuas a bhí le cloisteáil sa mhír i gcomparáid leis an dá shampla seo anois. Cad is féidir leat a rá fúthu?

go ceann tamaill
go ceann coicíse

Leanann na réamhfhocail chomhshuite eile a bhaineann le tréimhse ama an patrún céanna. Cuir Gaeilge ar na habairtí seo anois.

1. I went away for a week a month ago.
2. I stayed in New York for 5 days.
3. I'll see you in a few days.
4. He won't be here for a year.
5. I'll be going to Spain for a month in two days' time.

Ceist 5 Cuir an t-alt roimh na focail thíos a bhí sa mhír. An bhfuil siad baininscneach nó firinscneach? Tá an chéad cheann déanta duit.

cumann	an cumann (fir)
praghas	_____
mairteoil	_____
feirmeoir	_____
bainistíocht	_____
post	_____
cathair	_____
corparáid	_____
domhan	_____
tacaíocht	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An ndeachaigh tú féin i mbun agóide aon am i do shaol? Cén fáth?
2. An ndéanann sé dochar nó sochar don tsochaí nuair a thógann daoine páirt i sluachorraíl?
3. Cad faoi stailceanna, ar cheart do dhaoine dul ar stailc mura bhfuil siad sásta lena gcoinníollacha oibre?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Ceist 2

1. against the factories	*in aghaidh na monarchana*
2. a rise in beef prices	*ardú ar phraghas mairteola*
3. the association decided	*Shocraigh an Cumann*
4. in the meantime	*idir an dá linn*
5. software company	*comhlacht bogearraí*
6. information management software	*bogearraí bainistithe faisnéise*
7. support service	*seirbhís tacaíochta*
8. technical analyst	*anailísí teicniúil*
9. managerial team	*foireann bainistíochta*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Nuair a leanann ainmfhocal amháin na réamhfhocail chomhshuite a bhaineann le tréimhse ama, bíonn an t-ainmfhocal sin sa tuiseal ginideach, mar shampla:

ar feadh coicíse
i gceann seachtaine
go ceann bliana
faoi cheann seachtaine

Nuair a leanann dhá fhocal (uimhir agus ainmfhocal) ***ar feadh, i gceann, go ceann*** agus ***faoi cheann*** ní bhíonn an tuiseal ginideach i gceist, mar shampla:

ar feadh trí lá
i gceann ceithre seachtaine
go ceann dhá bhliain
faoi cheann cúig mhí

1. *D'imigh mé ar feadh seachtaine mí ó shin*.
2. *D'fhan mé i Nua Eabhrac ar feadh cúig lá*.
3. *Feicfidh mé tú i gceann cúpla lá*.
4. *Ní bheidh sé anseo go ceann bliana*.
5. *Beidh mé ag dul chun na Spáinne ar feadh míosa i gceann dhá lá*.

Ceist 5

praghas	an praghas (fir)
mairteoil	an mhairteoil (bn)
feirmeoir	an feirmeoir (fir)
bainistíocht	an bhainistíocht (bn)
post	an post (fir)
cathair	an chathair (bn)
corparáid	an chorparáid (bn)
domhan	an domhan (fir)
tacaíocht	an chathair (bn)

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Scéal 1

Tá Cumann na bhFeirmeoirí[1] le dul i mbun gníomhaíochta arís in aghaidh na monarchana mura dtiocfaidh ardú ar phraghas mairteola as seo go ceann cúpla lá. Cé go bhfuil cainteannaí[2] ar bun idir feirmeoirí agus bainistíocht na monarchana ó Dé Céadaoin tá fearg ar fheirmeoirí nach bhfuil aon ardú tagtha ar phraghas mairteola. Shocraigh an cumann aréir dul i mbun agóide arís mura n-ardóidh praghsanna idir an dá linn.

Scéal 2

Tá sé fógraithe[3] go bhfuil comhlacht bogearraí as Ceanada le breis is céad post nua a chruthú i gcathair Chorcaí as seo go ceann dhá bhliain. Cuireann an comhlacht *OpenText* bogearraí bainistithe faisnéise ar fáil do chorparáidí móra. Tá ionad acu i gCloich na Coillte cheana féin as a dtugtar seirbhís tacaíochta dá gcustaiméirí ar fud an domhain. Le cabhair ó *IDA Ireland* fostófar suas le 105 anailísí teicniúil a mbeidh scileanna teangan[4] acu chomh maith le foireann bainistíochta don rannóg nua.

.

[1] *Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann* an teideal oifigiúil
[2] *cainteanna* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[3] *fógartha* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[4] *teanga* atá sa Chaighdeán Oifigiúil, seantuiseal ginideach is ea *teangan*